




Curaclam
Thuaisceart Éireann

Intreoir do na Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN)



Intreoir do na ‘Smaointe le Foghlaim a Nascadh’ (SFN)

Mar chuid dá théarmaí tagartha, tá ábhair thacaíochta forbartha ag an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúchán agus Measúnaithe (CCEA) le cuidiú le múinteoirí an Curaclam Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Is cuid de na háiseanna seo na Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN).

Cad iad na SFNanna?

Soláthraíonn na SFNanna réimse eispéireas foghlama gníomhaí a chuidíonn le múinteoirí Curaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann a thabhairt chun beo. Is gléas iad le haidhm iomlán agus le cuspóirí iomlána an churaclaim agus na prionsabail taobh thiar de a fhorbairt: An Foghlaim Nasctha, Forbairt Scileanna Traschuraclaim agus Measúnú i gcomhair Foghlama. Tá rogha SFNanna ar fáil do Bhlianta 4/5 agus 5/6 agus tá tuilleadh ar an bhealach do Bhlianta 3/4 agus 6/7.

Chomh maith leis sin, tá ceithre Aonad Téamach do Bhliain 5 á bhforbairt. Cuidíonn siad seo le múinteoirí na SFNanna a chur i bhfeidhm trí:

- topaic a leagan amach le ceithre go sé seachtaine foghlama agus teagaisc a chlúdach;
- díriú ar ghné amháin d’aidhm iomlán an churaclaim athbhreithnithe;
- deiseanna measúnaithe a chur ar fáil;
- deiseanna a chur ar fáil le Scileanna Smaointeoireachta agus, Ábaltachtaí Pearsanta páistí a fhorbairt;
- réimse gníomhaíochtaí foghlama gníomhaí a leagan amach a bhfuil nasc acu leis an aidhm churaclaim;
- smaointe a cheangal trasna na Réimsí Foghlama.

Beidh siad seo ar fáil faoi Mheán Fómhair 2007 agus tiocfaidh Aonaid Théamacha do bhliainghrúpaí eile ina dhiaidh sin.

Cé a d’fhorbair na SFNanna?

Is múinteoirí seomra ranga as gach ceann de na cúig Bhord Oideachais agus Leabharlainne agus oifigigh as réimse páirtithe oideachais a scríobh na hábhair. Le cur leis na smaointe sna SFNanna agus lena leathnú amach bhí baint ag réimse gníomhaireachtaí seachtracha lena bhforbairt. Iarradh ar roinnt scoileanna na hábhair a thriail, rud a thug aiseolas luachmhar do CCEA i rith an phróisis.

Cad chuige ar forbraíodh na SFNanna?

Forbraíodh na SFNanna le tacú le múinteoirí curaclaim níos solúbtha a chur i bhfeidhm. Ba é an aidhm a bhí leo dóigheanna a léiriú inar féidir Réimsí Foghlama an churaclaim a cheangal trí obair rathúil topaice. Cuireann na SFNanna réimse leathan intinní

molta foghlama ar fáil chomh maith le gníomhaíochtaí agus áiseanna a d’fhéadfadh cuidiú le múinteoirí topaicí a phleanáil a bhaineann le riachtanais, réimsí suime agus cumas na bpáistí.

Cad é mar a chuideoidh na SFNanna liom?

Cuireann siad réimse smaointe ar fáil ar féidir a cheangal trasna an churaclaim. Is cuid inmhéanach den phróiseas í an rogha. Tá réimse bealaí féideartha a bhféadfaí dul chucu nuair a bhíonn topaic á forbairt. Sainaitníonn na SFNanna intinní féideartha foghlama agus cuireann siad ar fáil eispéiris agus straitéisí foghlama gníomhaí a bhfuil nasc dlúth eatarthu uile. Léiríonn na hábhair mar is féidir scileanna na Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Ábaltachtaí Pearsanta a bheith mar chuid lárnach de thopaic. Chomh maith leis sin, liostaíonn na SFNanna roinnt áiseanna úsáideacha a thacaíonn agus a chuireann leis an fhoghlaim.

An gcaithfidh an scoil s’againn gach SFN a úsáid?

Ní chaithfidh. Níl le roghnú ach topaicí cuí agus iad siúd a bhaineann le riachtanais agus le réimsí suime na bpáistí atá i do rang. Ní hé amháin go gcuireann na SFNanna comhthéacsanna molta ar fáil ach léiríonn siad chomh maith na bunphrionsabail atá mar dhúshraith ag Curaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann mar a luaitear thuas. Is furasta iad seo a aistriú go dtí topaic ar bith is mian leat a fhiosrú, mar shampla, múinteoir amháin a thriail na SFNanna roghnaigh sé smaointe ó dhá SFN agus rinne iad a chumasc ina thopaic nua a d’eascair ó réimsí suime na bpáistí.

An gcaithfidh mé ábhar IOMLÁN an SFN a chlúdach?

Ní chaithfidh. Ba chóir breathnú ar na SFNanna mar chlár rognach de ghníomhaíochtaí molta foghlama a cuireadh le chéile le cuidiú leat an fhoghlaim a cheangal ar fud an churaclaim. Níl ort an t-ábhar ar fad a chlúdach, dáiríre ní chaithfidh tú cuid ar bith de a chlúdach murar mian leat. Tá a oiread sin gníomhaíochtaí foghlama sna SFNanna, bheadh sé dodhéanta gach rud a chlúdach!

Cad é mar a roghnaím SFN?

Is tusa, an múinteoir, is fearr fios maidir le réimsí sume do ranga. Úsáid an t-eolas seo le cuidiú leat topaic a roghnú. Mura bhfuil suim agat féin ná ag na páistí san ábhar, cuirfear bac ar fhoghlaim agus ar theagasc éifeachtach.

'Smaointe le Foghlaim a Nascadh' (SFNanna) a Úsáid

CÉIM 1: NA SFNanna A SCANADH

I ndiaidh duit na treoirlínte seo a léamh, SCAN na SFNanna. Tabharfaidh sé seo forbheathnú duit ar na topaicí atá ar fáil. Roghnaigh SFN a fhóireann go maith do réimsí suime agus riachtanais foghlama na bpáistí i do rang. Cuireann an SFN réimse leathan smaointe ar fáil le gach topaic a fhiosrú trasna na Réimsí Foghlama. B'fhéidir gur mhaith leat ag an phointe seo, na gnéithe atá fóirsteanach, dar leat, le fiosrú ag do rangsa a roghnú agus a léiriú.

CÉIM 2: SOCRAIGH DO CHUID INTINNÍ FOGHLAMA

Tá intinní foghlama ag croílár ábhar gach réimse foghlama. Sainithin an fhoghlaim ba mhaith leat a fhorbairt tríd an topaic. B'fhéidir gur mhian leat iad seo a choigeartú lena gcur in oiriúint do riachtanais foghlama na bpáistí.

CÉIM 3: DÉAN RÉAMH-GHNÍOMHAÍOCHT

Tabharfaidh sé seo léargas maith duit ar a bhfuil ar eolas ag na páistí faoin topaic agus ar na nithe a tharraingíonn a n-aird. Cuideoidh sé seo libh na gnéithe ba mhaith libh a fhiosrú go domhain a shocrú le chéile.

CÉIM 4: GLAC LE SOLÚBTHAIGHT NA SFNanna

Féadann tú na gnéithe is fearr leat féin a roghnú, neamhaird a thabhairt ar na gnéithe nach mian leat a úsáid, réimsí a fhorbairt agus roghanna eile a chur leo. Ná déan dearmad páirt a thabhairt do na páistí i bpleanáil na foghlama. In amanna, is acu a bhíonn na smaointe is fearr!

CÉIM 5: PLEANÁIL CÁ HUAIR, CAD É, AGUS CÉN DÓIGH A MBEIDH TÚ AG MEASÚNÚ

Bíonn sé ina chuidiú mór ag páistí fios a bheith acu cad leis a bhfuiltear ag dúil uathu má bhíonn siad páirteach i gcruthú critéir ratha chomhaontaithe. Ciallaíonn sé seo go n-aontaíonn sibh lena chéile roimh ré faoi fhócas agus nádúr an mheasúnaithe, rud a bhraitheann fosta ar cé acu de na hintinní foghlama ar mhian leat béim a chur orthu ag am áirithe. Féadann sé bheith ina chuidiú mór ag páistí fosta a bhfoghlaim a fheabhsú má insíonn do chuid aiseolais dóibh cá háit ar éirigh leo agus cad iad na rudaí ar gá dóibh a dhíriú orthu lena gcuid oibre a fheabhsú.

CÉIM 6: SOCRAIGH CAD É ATÁ TÁBHACHTACH A CHLÁRÚ AGUS A THUAIRISCIÚ

Le do chuid oibre a choinneáil inlámhsithe, d'fhéadfá a shocrú go gcláróidh tú breathnuithe suntasacha maidir le dul chun cinn i scileanna agus in eolas. Thar am cuirfidh sé seo eolas ar fáil a éascóidh pleanáil amach anseo agus cuideoidh sé leat breitheanna a dhéanamh faoin eolas atá le cur ar aghaidh chuig comhghleacaithe, chuig tuismtheoirí agus chuig na páistí. Fiafraigh díot féin - 'Cad iad na breathnuithe tábhachtacha atá le clárú agam le pictiúr iomlánaíoch a dhéanamh den pháiste?'

Anseo thíos tá an raon de SFNanna d'Eochairchéimeanna a hAon agus a Dó.

Blianta 3/4

Tá Scoil Faiseanta
Tithe agus Bailte
Slán Sábháilte
Ceiliúramis
Frídí, Éin agus Ainmhithe
Ainneoin na hAimsire

Blianta 4/5

Turais
Mise Mé Féin
Lá Den Saol
An Saol le Blianta Beaga Anuas

Blianta 5/6

An Saol Faoi Lánseol
An Pláinéad Gorm
Turas Tríd an Bhliain
An Áit a gCónaím

Blianta 6/7

Iontas an Domhain
Éicealaochra
Riachtanais Agus Teastálacha
Smaointeoireacht Tríd an Aimsir Chaite
Sa Nuacht
Timpeall an Domhain

Cás-Staidéir

Le linn 2006, ghlac roinnt scoileanna as na cúig Bhord Oideachais agus Leabhairlainne uile páirt i dtríail SFNanna Bhlianta 4/5 agus 5/6. Ar na torthaí a rabhtar ag dúil leo ón tríail bhí cinntiú gur forbraíodh roinnt cás-staidéar le go roinnfí dea-chleachtas ar fud Thuaisceart Éireann. Is iad na múinteoirí a ghlac páirt sna trialacha a scríobh na cás-staidéir atá curtha ar fáil anseo. Léiríonn siad mar a d'athraigh na scoileanna pólótacha na SFNanna leis an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní a bhí sa scoil s'acu agus ina gceantar áitiúil cheana. Léiríonn siad an dóigh ar cheangail múinteoirí a smaointe féin leis na SFNanna le topaicí a chruthú a bhí spreagúil agus a d'fhreastail ar réimsí suime, ar riachtanais agus ar chumas na bpáistí ina gcuid ranganna féin.

Bunscoil Chríost an Slánaitheoir, Béal Feirste



Cúlra

Tá Bunscoil Chríost an Slánaitheoir suite ar imeall Bhéal Feirste. Faigheann thart faoi 25% dár gcuid páistí béilí scoile saora. Is scoil nua muid, a bunaíodh i 1999 agus a bhog isteach i bhfoirgneamh nua i Meán Fómhair 2003. Tá 524 de bhuachaillí agus de chailíní sa scoil agus foirm iontrála 2/3. Le blianta beaga anuas thug muid iarraidh tionscnaimh nua a ghlacadh ar bord taobh istigh den scoil ar nós scileanna smaointeoireachta agus foghlaim bunaithe ar ghníomhaíocht.

SFN

Roghnaigh muid 'An Pláinéad Gorm' - Is é an phríomhchúis ar roghnaigh muid an SFN seo go raibh bunús ár gcuid topaicí i mBliain 5 bunaithe ar an stair (Fiagaithe agus Cnuasaitheoirí, Stair Bhéal Feirste) agus, mar sin de, bhí úire ag baint le fócas ar 'An Domhan Thart Orainn'. Bhí dúil againne mar mhúinteoirí ann láithreach, rud a bhí tábhachtach againne agus muid ag tríail ábhar nua. Chuir an SFN féin rogha leathan ar fáil trasna gach réimse curaclaim. Bhí cuma an-ábhartha air fosta agus gan é bheith chomh teibí le topaicí a rinneadh roimhe. Mheas muid go mbainfeadh na páistí an-sult as.

Pleanáil

I dtosach báire, bhreathnaigh muid tríd an SFN agus roghnaigh muid an fhoghlaim a raibh muid ag iarraidh díriú uirthi agus chuir muid am i leataobh lenár gcritéir ratha a shonrú. Chinn muid ar na gníomhaíochtaí tosaigh is mó a mbainfeadh ár gcuid páistí sult astu. Taobh istigh de na Réimsí Foghlama (Na hEalaíona, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint agus An Domhan Thart Orainn) chuir muid ár gcuid smaointe féin agus smaointe a chruthaigh na páistí ón chlár phleanála leo. Shocraigh muid díriú ar 'Ag Obair le Daoine Eile' ón chreat scileanna agus cumas. Rinne muid an chéad choicís dár dtopaic a phleanáil go mion agus rinne muid plean sealadach do na ceithre seachtaine ina dhiaidh sin. Chloígh muid leis an amchlár Litearthachta agus Uimhearthachta ar maidin agus d'oibrigh muid ar 'An Pláinéad Gorm' tráthnóna. Taobh istigh de sin, choinnigh muid an fócas scoile i leith grúpaí foghlama bunaithe ar ghníomhaíochtaí ag obair i rith an lae ar 'An Pláinéad Gorm' agus thug muid isteach Litearthacht agus Uimhearthacht de réir mar ba chúí. Cé nach raibh san am sin smaointe sa SFN leis an Chorpoideachas a cheangal leis an téama, chonaic muidne deiseanna ar dóigh agus chuir muid ár gcorpoideachas féin leis, bunaithe ar dhamhsa cruthaitheach go ceol uisce.

Túsphointí

Mar is gnách, ba é an clár phleanála an túsphointe againn. Chruinnigh muid na páistí thart leis an topaic a phlé faoi na ceanteidil 'Ar eolas againn', 'Ba mhaith linn a fháil amach' agus 'Ba mhaith linn a dhéanamh'. D'úsáid muid ár gclár bhána idirghníomhacha nua le díograis a spreagadh le cur i láthair Powerpoint, taighde idirlín, pictiúir agus físeáin. Mar thoradh ar an chlár phleanála tháinig na páistí aníos leis an smaoinemh go mbeadh turas chun na trá againn. Chuir muid ar a gcumas an smaoinemh seo a fhorbairt agus phleanáil siadsan an turas maidir leis na rudaí a bheadh le déanamh againn, cad chuige a raibh siad le déanamh againn agus chuir siad staidéar indéantachta le chéile le cur os comhair an phríomhoide. Bhí siad iontach sásta nuair a ceadáíodh

an turas agus thug sé seo úinéireacht dóibh ar an topaic iomlán. Chuaigh muid chun na trá ar lá galánta agus chomhlánaigh na páistí na gníomhaíochtaí uile a mhol siad féin. Bhailigh muid samplaí uisce, shórtáil muid sliogáin agus méaróga, ghlac muid fiseáin agus pictiúir ag úsáid an cheamara Digital Blue, rinne muid sceitsí, thaifead muid fuaimeanna agus rinne muid seilg scroblachóra.

Forbairt

D'úsáid muid na samplaí a bhailigh muid inár gcuid oibre uile agus muid ar ais ar scoil. Chruthaigh muid ár muirdhreach féin san achar acmhainní, d'úsáid muid an gaineamh inár dturgnaimh eolaíochta agus rinne muid cur i láthair Powerpoint leis na pictiúir agus leis na fiseáin. Is ón turas a d'éascair ár gcuid oibre ar fad. As siocair go ndearna muid an turas ag tús na topaice seachas ag an deireadh mar a tharlaíonn de ghnáth, bhí sí i bhfad níos ábhartha do na páistí óir bhí siad in ann tarraingt as a n-eispéireas de réir mar a chuaigh an topaic chun cinn.

Luacháil

- Bhí an turas ag tús na topaice barrthábhachtach.
- Ghlac muid am ag tús na topaice le critéir ratha a shocrú agus chuidigh sé sin linn fócas a choinneáil agus an topaic á forbairt.
- Chuidigh an clár pleanála le húinéireacht a thabhairt do na páistí ar an topaic ina hiomláine, go háirithe ar an smaoineamh a bhí acu ar an turas cois trá.
- Go ginearálta bhí na páistí, chomh maith leis na múinteoirí, iontach díograiseach faoin topaic
- Cuireadh na critéir ratha ar taispeáint le linn ceachtanna aonair, rud a chuidigh leis na páistí a gcuid foghlama a dhírú agus a chuir ar a gcumas féin-/piarmheasúnú a dhéanamh. D'úsáid muid smaoineamh 'dhá réalta agus guí' ón traenáil SFN.
- Ghléas na páistí suas agus bhí imeachtaí 'Uisce' againn!
- Bhainfimis níos mó úsáide as na hacmahinní a liostaítear sa SFN óir bhí claonadh againn ár gcuid féin a chruthú/aimsiú.
- Ba lú inneachar a bheadh pleanáilte againn an chéad uair eile.

Bunscoil Choill an Ghleanna, Béal Feirste



Cúlra

Is scoil mhór ionchathrach de chuid Bhéal Feirste í Bunscoil Choill an Ghleanna a raibh baint aici le réimse leathan tionscnamh curaclaim lena n-áirítear: An Curaclam Saibhrithe, An Curaclam Digiteach, Fónaic Theangeolaíoch, Tionscadal Comet, Creidiúnú TFC, Measúnú i gcomhair Foghlama, Bun-Ghluaiseacht agus Próifíl an Dalta. Tá 448 dalta ar an scoil i láthair na huaire.

SFN

Roghnaigh muid an SFN 'Lá Den Saol' óir mhothaigh muid go rachadh samhlaíocht na bpáistí i ngleic le fócas an SFN trí spreagthach na scéalta.

Pleanáil

Chruthaigh muid gníomhaíochtaí bunaithe ar thopaicí a moladh agus d'fhorbair muid iad le gach réimse foghlama a chlúdach, lena n-áirítear TR agus CO. Smaoinigh muid ar na scileanna ar mhaith linn ár gcuid páistí a fhoghlaim agus na cumais ar mhaith linn iad a fhorbairt le linn an tionscadail. Chuir sé seo ar ár gcumas tús a chur leis an phróiseas pleanála don SFN.

Níor ghlac an phleanáil mórán ama. Bhí na príomhaintinní foghlama sonraithe cheana sa SFN. Ba bhreá an rud an phleanáil a fheiceáil ar aon leathanach amháin, óir d'fhág sé sin go raibh a fhios againn i rith an ama cá raibh muid ag dul. Chruthaigh muid pleananna seachtainiúla fosta agus áiríodh orthu seo foghlaim baile agus difreálú. Chuir na pleananna seo ar ár gcumas fosta díriú ar na scileanna agus cumais ar mhaith linn ár gcuid páistí a bhaint amach. Is mar gheall ar an ullmhúchán seo a d'éirigh leis an tionscadal.

Tuspointí

Ag cur ceisteanna ar na páistí faoi leabhair an príomh-thúspointe a bhí againn. Tugadh deis do na páistí labhairt lena chéile faoi na leabhair is fearr leo trí am 'smaoineamh, péire, roinnt' agus a gcuid torthaí a chur i láthair an ranga. Ansin, d'iarr muid orthu dul abhaile agus labhairt lena dtuismitheoirí/garthuismitheoirí faoi na leabhair ab fhearr leosan agus iad beag.

D'éirigh go fíormhaith leis an ghníomhaíocht 'Mo Chéad Chuimhne ar Leabhair' agus thug na páistí an chéad leabhar s'acu isteach, scríobh siad fúthu agus chuir siad a dtuairiscí leabhar i láthair an ranga. Bhain muid feidhm as an díograis seo fosta trí ghníomhaíochtaí ealaíne a chruthú. Rinne muid Lá Domhanda na Leabhar a cheiliúradh agus thug sé seo deiseanna do na páistí bheith cruthaitheach agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí rólghlactha.

Forbairt

Dhírigh muid ar dhá phríomhscéal: 'Seán agus an Gas Pónaire', seanscéal traidisiúnta agus 'Fionn mac Cumhaill', finscéal Gaelach. Ba bhreá an spreagthach iad na scéalta fathaigh seo le smaointe a chur in iúl trí na healaíona agus trí TFC.

D'amharc muid ar théama na dtús agus na ndeirí trí Fhorbairt Phearsanta agus Comhthuiscint agus tríd An Domhan Thart Orainn. Mhol an SFN labhairt faoin bhás. Sheachain muid seo ar dtús ach chinn muid triail a bhaint as trí úsáid a bhaint as 'Fred' le Posy Simmons le labhairt faoi. D'úsáid muid am ciorcail mar fhóram le labhairt faoin dóigh a mothaímid nuair a smaoinímid ar an bhás. Chuir an aibíocht mhothúcháinach a léirigh ár gcuid páistí iontas an domhain orainn. Bhí na páistí in ann machnamh ar Fred bocht agus labhairt faoina gcuid mothúcháin nuair a chailltear duine a bhfuil grá acu dó.

Bhog muid ar aghaidh uaidh sin agus thosaigh muid a bhreathnú ar shaolréanna. Spreag muid na páistí le fiosruithe a dhéanamh sa bhaile, sa leabharlann agus trí TFC ar shaolréanna froganna, féileacán agus daoine. D'amharc muid ar leabhair, chruthaigh muid seónna sleamhnán agus fiú rinne muid pictiúr mór de shaolré féileacán don seomra ranga. Labhair muid faoin na saolréanna seo i ngrúpaí agus thug muid iarraidh ionbhá a bheith againn leis an saol crua a bhíonn ag na hainmhithe seo. Ansin, léirigh na páistí seo trí scríbhneoireacht chruthaitheach (Mo Shaol mar Fhéileacán/ Mo Shaol mar Fhog). Bhí caighdeán na scríbhneoireachta ar fheabhas agus b'fhearr arís úsáid na teanga mothúchánaí.

Luacháil

Múinteoirí

- Ba mhór an tairbhe an t-am pleanála le machnamh ar an mhéid a bhí le déanamh againn.
- Bhí úsáid teicnící measúnú i gcomhair foghlama barrthábhachtach maidir le teagasc na scileanna agus na gcumas.

Páistí

- B'aoibhinn leis na páistí páirt a ghlacadh sa SFN, d'fhoghlaim siad an dóigh lena gcuid oibre a chur i láthair, le comhoibriú, bheith cruthaitheach agus le naisc a dhéanamh.
- B'aoibhinn leo léamh do pháistí eile agus páirt a ghlacadh i léiriú drámatúil ar Seán agus an Gas Pónaire, Fionn mac Cumhaill agus Dáibhí agus Góiliat.
- Bhain siad sult fosta as páirt a ghlacadh i bpiarmheasúnú.

Bunscoil agus Náiscoil Imeachtha Radharc an Locha, Béal Feirste



Páirtíocht Tuismitheoirí

- Iarradh ar na páistí scéalta a chuala siad ar scoil a athinsint do thuismitheoirí. Ansin, iarradh ar na thuismitheoirí a mbarúil a thabhairt ar cé chomh maith a d'inis an scéalaí an scéal. B'aoibhinn leis na páistí agus na thuismitheoirí araon an ghníomhaíocht seo. Thug sí deis do na thuismitheoirí a fháil amach cad é a bhí ar siúl le linn an lae scoile agus páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfoghlaim a gcuid páistí.

Cúlra

Tá 400 páiste as Béal Feirste Thoir, Thoir-Theas agus Theas agus níos faide ar shiúl ag freastal ar Bhunscoil agus Náiscoil Imeachtha Radharc an Locha. Tá na ranganna reatha Bhliain 5 á dteagasc tríd an churaclam shaibhrithe ó bhí siad i mBliain 1.

SFN

Theagasc muid Bliain 5 roimhe agus bhí riachtanais churaclaim don bhliain ar eolas againn. I Meán Fómhair, bhí muid ábalta topaicí leathana a shocrú agus cur chuige níos solúbhtha agus níos cruthaithí a bheith againn maidir le hord an churaclaim a bhí ann san am sin. Bhí sé beartaithe againn cheana staidéar áitiúil a dhéanamh ach dhírigh an SFN 'An Áit a gCónaím' an focas againn ar scileanna, ar chumais agus ar dheiseanna do pháistí bheith mar chuid den phróiseas measúnaithe, seachas ar ábhar.

Pleanáil

D'amharc muid ar smaointe a cruthaíodh le blianta beaga anuas le go bhfeicfimis cé na scileanna a bhí na páistí a fhorbairt cheana féin agus d'úsáid muid gréasán topaice le ransú smaointe a dhéanamh faoi smaointe eile nár clúdaíodh go fóill.

Ansin, briseadh an gréasán seo anuas ina phlean sé seachtaine ina raibh intinní soiléire foghlama do gach réimse curaclaim. Ina dhiaidh sin, rinneadh intinní foghlama a roinnt agus a phlé leis na páistí. Bhí rún againn bheith ag obair taobh istigh den chlár ama a bhí againn cheana ach d'úsáid muid an uair Litearthachta agus Uimhearthachta mar chuid den SFN nuair ab fhéidir. Corruair, d'fhág muid an clár ama i leataobh ar fad le lá iomlán a chaitheamh ar ghníomhaíocht bunaithe ar scileanna.

Túsphointí

Chuir muid an SFN 'An Áit a gCónaím' i lár topaice is leithne dhá sheachtain déag ar staidéar áitiúil é ina raibh C.S. Lewis agus an Titanic. Ba é an scannán a eisíodh faoin am sin 'The Lion, the Witch and the Wardrobe' an spreagthach tosaigh don topaic. Bhí an leabhar léite mar úrscéal ranga againn an téarma roimhe. Phléigh muid na trí chuid den staidéar leis na páistí agus d'úsáid muid clár pleanála agus clár fionnachtana ar a raibh ceisteanna oscailte lena ndéanamh páirteach sa phróiseas agus meon na húinéireachta a chruthú.

Forbairt

Roinn muid an plean ina thrí réimse: conair den cheantar áitiúil mar spreagthach, an t-ullmhúchán agus na gníomhaíochtaí leantacha.

D'oibrigh na páistí le léarscáileanna áitiúla agus le Google Earth le bealach na conaire a leanúint. Láimhseáil siad ábhar tógála agus shainaithin iad seo i ngrianghraif de thithe agus de shiopaí áitiúla. Phléigh na páistí airíonna na n-ábhar agus cad chuige ar fhóir siad don aeráid s'againn. As sin tháinig comparáidí le hábhair thógála agus le dearadh i dtíortha eile. Chuir

muid cuireadh ar ailtire labhairt faoi na scileanna atá de dhíth sa phost s'aige agus le freagraí a thabhairt ar cheisteanna a d'ullmhaigh na páistí. Chonaic na páistí na cosúlachtaí idir na scileanna ar labhairt seisean fúthu agus na scileanna a bhí siadsan a fhoghlaim ar nós na cruthaitheachta agus na hoibre le daoine eile. D'fhorbair sé cruthaitheacht agus scileanna obair foirne na bpáistí trí dhúshlán tógála a thabhairt dóibh. Bhí ar na páistí obair i gcuideachta a chéile le critéir réamhshocraithe lena áiríodh aeistéitic, láidreacht agus airde. Rinne na páistí breith ar rath a gcuid mionsamhlacha trí féin- agus piarmheasúnú (ag úsáid 'dhá réalta agus guí') i leith na gcritéar a leagadh amach.

Bhreachnaigh na páistí go grinn ar bhróisiúir gníomhaireachtaí eastáit, ag amharc ar theanga mhealltach, ag athrú aidiachtaí go bhfeicfeadh siad an dóigh a ndeachaigh sé sin i bhfeidhm ar an chiall agus d'úsáid siad an creat le bróisiúir mhealltacha a scríobh dá mbailte féin. Chuir muid 'gníomhaireacht eastáit' ar bun ag cur na mbróisiúir ar taispeáint agus phléigh muid na scileanna cumarsáide a bhí de dhíth don rólghlacadh seo.

Tugadh dúshlán do na páistí le stair sráidainmneacha a fháil amach a cheiliúráin cathanna sa Chéad Chogadh Dhomhanda agus ginearáil de chuid an Dara Cogadh Domhanda.

Le linn an staidéir áitiúil bhreachnaigh na páistí ar ghrianghraif de mharcanna bóthair mar chuid de shábháilteacht bhóthair agus d'aimsigh siad línte siméadrachta ar chomharthaí bóthair. Ar an chonair, lean na páistí a léarscáil bhealaigh, ag freagairt ceisteanna bunaithe ar na seirbhísí agus ar na hábhair thógála a pléadh sa seomra ranga. Rinne siad sceitsí de chineálacha difriúla tithe agus tosaigh siopa lena n-úsáid i mionsamhail de shráidbhaile ar ais ar scoil. Bhí tábacht ar leith ag baint le háit ar stad siad mar a raibh comhartha 'Cos ar chluichí liathroide'. Úsáideadh seo mar spreagthach d'fhócas ar scríbhneoireacht dhioscúrsach ina raibh múnlú múinteora, múinteoir agus páistí ag pleanáil agus ag scríobh le chéile agus páistí ag pleanáil agus ag scríobh go neamhspleách. Ba é an stad deireanach ar an chonair ná clós athchúrsála agus caint le hoifigeach athchúrsála na comhairle.

Ar ais ar scoil, phéinteáil na páistí brat mór Roamer agus rinne siad baile mór as boscaí páipéir fótachóipeála. D'úsáid siad a scileanna líníochta breathnóireachta le mionsamhlacha de tosaigh siopaí a dhéanamh dá sceitsí agus dá ngrianghraif

ón turas. Teagascadh airgead agus am san uair Uimhearthachta go ceann coicise ina dhiaidh sin. D'úsáid na páistí na scileanna seo le linn na coicise le carachtair Roamer a ríomhchlárú le siopadóireacht a dhéanamh, suimeanna iomlána cearta agus briseadh a ríomh. Bhí orthu an gnáthamh ceart de chuid cód na Croise Glaise ag an trasrian siúil bheith san áireamh acu ar na bealaí. Úsáideadh grianghraif d'amanna fíora oscailte na siopaí ar an mhionsamhail.

Bunscoil Naomh Muire, Áth an Dúin



Chomh maith leis sin, chuir na páistí both Comhlacht Busanna Radharc an Locha ar bun agus amchlár agus eolas ar tháillí ann. Ghléas siad mar fhostaithe agus mar chustaiméirí agus d'úsáid siad an rólghlacadh lena scileanna réiteach fadhbanna airgid agus amchláir a fhorbairt. Le dul leis na míreanna rólghlactha, chruthaigh na páistí múrphictiúr fada ag rolladh boinn le bóithre a phéinteáil, rinne siad comharthaí bóthair siméadracha a phéinteáil, d'fhiosraigh cumaisc dathanna, chuir a bhfilíocht sráide ar taispeáint i gcruth feithiclí agus a script 'siúl fuaimne' óna gcuid seisiún cumadóireachta.

Luacháil

Spreg saoirse agus luas lasrach cruthaitheachta na chéad bhliana seo idir pháistí agus mhúinteoirí! Beidh gach gné i gceist an bhliain seo chugainn ach feabhsófar iad trí fhócas níos mó ar scileanna agus cumais agus níos mó deiseanna don mheasúnú i gcomhair foghlama.

Cúlra

Is scoil bheag tuaithe í Bunscoil Naomh Muire, Áth an Dúin. Faoi láthair tá 86 ar an rolla: 42 buachaill agus 44 cailín.

SFN

Roghnaigh muid 'An Pláinéad Gorm' agus an phríomhchúis a bhí leis sin go bhfuil an scoil s'againn cois cladaigh agus mhothaigh mé go dtiocfadh linn ár gceantar áitiúil a úsáid.

Pleanáil

Bhí mé eolach ar an phróiseas pleanála don SFN óir bhí an scoil s'againn páirteach i scéim phiolótach SFN Bhliain 4 anuraidh.

As siocair gur gné lárnach den Churaclam Athbhreithnithe na Scileanna Smaointeoireachta agus na hÁbaltachtaí Pearsanta, shocraigh muid díriú ar 'Ag Obair le Daoine Eile' agus 'Féin-Bhainistíocht'. Ba thábhachtach gur spreag mé na páistí lena scileanna comhoibríthe agus roinnte a fhorbairt agus iad ag obair mar chuid de ghrúpa chomh maith le deiseanna a chruthú do pháistí labhairt faoina gcuid foghlama agus an teanga a thabhairt dóibh le modhanna feabhsúcháin a mholadh. Ar na modhanna a d'úsáid muid bhí 'dhá réalta agus guí' (straitéis de chuid measúnú i gcomhair foghlama).

Leagadh amach intinní soiléire foghlama ag úsáid 'Táimid ag Foghlaim Le' (WALT) ag tús gach seisiúin agus úsáideadh ionchur na bpáistí le teacht ar chritéir chúí ratha. Chuir na SFNana intinní cuidiúla foghlama ar fáil a chuir muid in oiriúint dár riachtanais shainiúla féin agus muid ag pleanáil.

Tusphointí

Ba é an chéad cheist a bhí againn, 'Cad é a chiallaíonn An Pláinéad Gorm?'

Bhí bunús na bpáistí ábalta an nasc a fheiceáil idir An Pláinéad Gorm agus uisce. Shocraigh muid ar roinnt croicheisteanna a bhí muid in ann a fhiosrú thar an tréimhse sé seachtaine:

- Cad chuige a bhfuil uisce de dhíth orainn?
- Cad é mar a úsáidimid uisce?
- An dtuigimid i gcónaí luach an uisce?

Thug úsáid an chláir phleanála deis do na páistí a gcuid smaointe a roinnt agus ionchur a bheith acu ina gcuid foghlama. Scríobh muid na croicheisteanna ar bhraonta móra uisce agus chuir muid ar an chlár pleanála iad. ('Cad é atá ar eolas againn?', 'Cad é atáimid ag iarraidh a fháil amach?', 'Cad é atá de dhíth orainn?', 'Cad é mar a thig linn níos mó a fháil amach?', 'Cén dóigh a socróimid an seomra ranga?' agus 'Cén dóigh a dtaispeánfaimid ár gcuid foghlama?'). Ba thábhachtach, ag an chéim seo, smaointe na bpáistí a threorú agus an nasc a dhéanamh idir an méid a bhí an múinteoir a iarraidh ón SFN agus an méid a bhí na páistí ag iarraidh a fháil amach.

Forbairt

Taobh istigh de rannóg 'Na hEalaíona' den SFN moltar leabhar Daniel Defoe 'Robinson Crusoe' agus d'ordaigh muid leagan na bpáistí den leabhar agus ba mhór an fhoinsé spreagtha é dá raibh páirteach. Cruthaíodh sac scríbhneoireachta ina raibh gníomhaíochtaí do gach caibidil. Chruthaigh na páistí bosca scéil agus d'athinis an scéal ina gcuid focal féin. Mar fhorbairt air seo, tháinig muid ar an smaoineamh go dtógfaimis bothán mar a rinne Robinson Crusoe. Bhí na páistí iontach díograiseach agus b'aoibhinn leo an smaoineamh go raibh siad ag tabhairt an tseomra ranga amach faoin aer. Chuidigh tuismitheoirí linn soláthar sailí a bhailiú le tús a chur leis an obair thógála. Roghnaigh na páistí saileach mar shíl siad go mb'fhéidir go bhfásfadh sí agus go ndéanfaí struchtúr beo di. Thug an Ecos-Centre ar an Bhaile Mheánach an chuid eile den tsaileach dúinn ar phraghas íseal. I ndiaidh do na poill bheith tochailte, bhí muid réidh le dul i gceann oibre. D'oibrigh na páistí ina ngrúpaí leis an tsaileach a fhí trí na cuailí rud a thug an-deis dúinn roinnt agus comhoibriú lena n-aidhm a bhaint amach a phlé agus a chleachtadh. Thairfead muid forbairt an bhotháin ar an cheamara dhigiteach agus mhachnaigh muid ar ár scileanna 'Ag Obair le Daoine Eile'.

Le linn na topaice sé seachtaine, bhí na páistí ábalta tagairt a dhéanamh don chlár pleanála, rud a chuir ar a gcumas pleanáil chun cinn agus spriocanna a leagan síos. Chuir sé ar a gcumas fosta machnamh siar ar thascanna a comhlánaíodh agus tascanna ar éirigh leo a cheiliúradh.

Bhí suim mhór ag na páistí sa truailliú agus phléigh muid a gcuid smaointe ar thruailliú agus mar a théann sé i bhfeidhm ar an domhan thart orainn. Moladh paca 'WWW UK Focus on Coasts' sa SFN agus is an-úsáideach an acmhainn é. Dhírigh muid ár gcuid taighde ansin ar chás-staidéar an Exxon Valdez. Agus iad ag obair i ngrúpaí rinne na páistí staidéar agus tháinig siad póstaer a léirigh fíricí suimiúla ar tháinig siad orthu.

Ag leanúint de théama an uisce, ansin shocraigh muid cuairt ar Thrá Bhaile Uí Earnáin. Rinne na páistí suirbhé trá agus, mar chuid de sin, bhí sceitseáil an chladaigh, ag bailiú samplaí agus an lá a thairfeadadh ag úsáid an cheamara dhigitigh. Ar ais ar scoil, d'úsáid na páistí na háiseanna TFC le cur i láthair seó sleamhnán a dhéanamh den turas a léiríodh ar dtús do na ranganna eile sa scoil ag úsáid an chláir bháin idirghníomhaigh. D'úsáid na páistí an micreascóp digiteach le breathnú go grinn ar shliogáin, ar ghaineamh agus ar cheilp. Ag obair i ngrúpaí, dhear siad pictiúr crochta/colláis faoina dturas chun na trá.

Bhain na páistí sult as topaic a bheith acu a chuimsigh a oiread sin réimsí curaclaim. Thug gach páiste a scileanna agus a dtaithí féin don tionscadal, rud a chuir leis an chiall don pháirtíocht sa ghrúpa chomh maith le muinín agus féinmheas a mhéadú. Ba léir seo sa pháirtíocht ghníomhach a bhí ag na páistí i ngach gné den tasc agus an mothú bróid agus gnóthachtála ag deireadh an tasc.

Dá mbeinn leis an topaic seo a theagasc arís smaoineoinn ar chuireadh a chur ar chainteoirí seachtracha teacht chuig an seomra ranga le labhairt faoi thopaici ar nós 'Truailliú' agus 'Athchúrsáil'.

